# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# Scrúdú na hArdteistiméireachta 2021

# Scéim Mharcála

# Corpoideachas

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do dhaltaí ar úsáid scéimeanna marcála foilsithe**

Níl sé i gceist go mbeidh scéimeanna marcála atá foilsithe ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit ina ndoiciméid aonair. Is acmhainn riachtanach iad le haghaidh scrúdaitheoirí a gcuirtear oiliúint orthu maidir le léirmhiniú ceart a fháil ar an scéim agus cur i bhfeidhm ceart na scéime. Is éard atá i gceist leis an oiliúint seo, i measc nithe eile, samplaí marcála obair daltaí agus na marcanna a bhronntar a phlé, chun cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Ina dhiaidh sin déanann na Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na gceartaitheoirí chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach agus cruinn na scéime marcála a chinntiú. Déanann an Príomhscrúdaitheoir maoirseacht ar an bpróiseas seo, le cabhair ó Phríomhscrúdaitheoir Comhairleach de ghnáth. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh maidir le cé acu ar cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa oibre iarrthóra nó nár cuireadh.

Is dréachtdhoiciméid iad scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear an scéim i gcrích go dtí go gcuireann ceartaitheoirí i bhfeidhm í ar obair iarrthóirí agus go mbailítear an t-aiseolas ó na ceartaitheoirí go léir agus go ndéantar é a mheas i bhfianaise réimse iomlán fhreagraí na n-iarrthóirí, leibhéal iomlán deacrachta an scrúdaithe agus an gá le comhsheasmhacht a chaomhnú ó thaobh caighdeáin de ó bhliain go bliain. Tá an scéim dheiridh ar fáil sa doiciméad foilsithe sin, de réir mar a cuireadh i bhfeidhm í ar obair na n-iarrthóirí go léir.

I gcás scéimeanna marcála a chuimsíonn réitigh shamplacha nó freagraí samplacha, is fiú a thabhairt faoi deara nach bhfuil sé i gceist go mbeidh siad uileghabhálach. D’fhéadfadh sé go mbeadh malairtí leagain agus leaganacha difriúla inghlactha. Ní mór do cheartaitheoirí gach freagra a mheas de réir a bhfiúntais, agus moltar dóibh dul i gcomhairle lena gCeartaitheoirí Comhairleacha i gcás amhrais.

**Scéimeanna Marcála sa Todhchaí**

Ba chóir aon tuairimí faoi scéimeanna marcála sa todhchaí bunaithe ar scéimeanna ón am atá thart a sheachaint. Cé go bhfuil na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, d’fhéadfadh sé go mbeadh athrú ar na sonraí a bhaineann le marcáil cineál faoi leith ceiste i bhfianaise fheidhm na ceiste sin sa scrúdú trí chéile in aon bhliain ar leith. Tá an fhreagracht ar an bPríomhcheartaitheoir in aon bhliain ar leith cinneadh a dhéanamh ar conas is fearr a chinntiú go mbeidh measúnú cóir agus cruinn ar obair iarrthóirí agus chun a chinntiú go mbeidh comhsheasmhacht ann maidir le caighdeán an mheasúnaithe ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d’fhéadfadh sé go mbeadh athrú ar ghnéithe den struchtúr, mionsonraí agus cur i bhfeidhm na scéime marcála maidir le scrúdú faoi leith ó bhliain amháin go bliain eile gan fógra.

## Nótaí maidir leis an Scéim Mharcála

Agus breithniú á dhéanamh ar an scéim mharcála seo, ba cheart aird a bheith ar an méid a leanas:

- I gcuid mhaith cásanna sna nótaí tacaíochta, d'fhéadfadh sé go mbeadh eochairfhrásaí nach mór a bheith i bhfreagra an iarrthóra le go dtuillfidh sé nó sí na marcanna sannta.
- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar.
- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.
- Mar riail ghinearálta, más ann d'amhras faoina bhailí atá aon fhreagra, ní mór do scrúdaitheoirí dul i gcomhairle lena scrúdaitheoir comhairleach sula mbronntar marcanna.
- Níl na moltaí ná na samplaí etc. a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile etc.

Ní móide go gcuirfí marc áirithe i leith fhreagra gach fochoda de cheist; e.g. d'fhéadfadh trí fhochuid a bheith ag baint le ceist; agus 12 mharc san iomlán curtha i leith na ceiste sin. Tharlódh gur mar seo a leanas a bheadh an scéim mharcála: 6 + 3 +3. Ciallaíonn sin go mbronntar 6 mharc an ceann i leith an chéad fhreagra chirt agus gur 3 mharc an ceann a bhronntar i leith gach freagra chirt ina ndiaidh sin.

| Roinn A | 40 marc |
|---|---|

Tá 12 cheist ann nach mór d'iarrthóirí 5 cinn acu a fhreagairt.

**Ceist 1** **(8 marc)**

**(a)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Fóillíocht agus áineas sainmhínithe<br>e.g. am saor, rudaí a roghnaítear a dhéanamh, spraíúil agus taitneamhach | 1 mharc |
| Spóirt oll-rannpháirtíochta sainmhínithe<br>e.g. imeachtaí mórscála, iomaíocha, ionchuimsitheacha | 1 mharc |

**(b)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Sampla de threalamh sábháilteachta atá ábhartha do ghníomhaíocht choirp 1 ainmnithe | 3 mharc |
| Sampla de threalamh sábháilteachta atá ábhartha do ghníomhaíocht choirp 2 ainmnithe | 3 mharc |
| e.g. Dornálaíocht – cosaint fiacla, lámhainní | |

**Ceist 2** **(8 marc)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Dhá mhodh cleachtaidh scile pléite | 4 mharc + 4 mharc |
| Cur síos cruinn ar mhodh cleachtaidh le haghaidh scil ainmnithe – 4 mharc<br>e.g. lán-chleachtadh, páirt-chleachtadh, lán-pháirt-lán-chleachtadh<br>Cur síos sórt cruinn ar a chleachtadh – 2 mharc | |

**Ceist 3** **(8 marc)**

Cuir tic (✓) sa bhosca cuí chun an cheist seo a leanas a fhreagairt.
Cuir tic i mbosca **amháin** do gach ceist. (4 x 2 mharc)

**a)** Is sampla iad amfataimíní de na nithe seo a leanas:

- pianmhúcháin ☐
- hormóin fáis ☐
- spreagthaigh ☑ ✓

**b)** Seo a leanas ceann de na fo-iarmhairtí a bhaineann le stéaróidigh anabalacha:

- athruithe iompraíochta ☑ ✓
- díhiodráitiú ☐
- brú fola íseal ☐

**c)** Glactar béite-bhlocálaithe chun:

- pian a cheilt ☐
- ráta croí a choinneáil íseal ☑ ✓
- fás matán a mhéadú ☐

**d)** Tugtar na nithe seo a leanas go coitianta ar áireamh fuilcheall dearg an duine:

- instealladh fola ☐
- dópáil fola ☑ ✓
- reo fola ☐

**Ceist 4** **(8 marc)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Toisc 1 ainmnithe | 2 mharc |
| Míniú ar conas is féidir le toisc ainmnithe tionchar a imirt ar rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp | 2 mharc |
| Toisc 2 ainmnithe | 2 mharc |
| Míniú ar conas is féidir le toisc ainmnithe tionchar a imirt ar rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp | 2 mharc |

**Ceist 5**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Sainaithint chruinn ar thrí rud ar cheart do Dheirdre a thabhairt faoi deara faoina céile comhraic a d'fhéadfadh feabhas a chur lena cosaint agus a chabhródh léi chun an liathróid a bhuachan ar ais. | 3+3+2 |
| e.g. lámh cheannasach céilí comhraic, an féidir lena céile comhraic druibleáil go muiníneach, an bpasálann a céile comhraic chuig an duine céanna an t-am go léir, an fearr lena céile comhraic preabiarrachtaí nó tabhairt faoi scór ó áit lasmuigh den bháire, comharthaíocht choirp a céile comhraic amach ón liathróid, luas a céile comhraic ar an liathróid | |

**Ceist 6** **(8 marc)**

| Ithreach | Marcanna |
|---|---|
| Bronntar 4 mharc agus uasmharc de 8 mharc do gach buntáiste pléite a bhaineann le haclú sula nglactar páirt i ngníomhaíocht choirp. | 8 |

**Ceist 7** **(8 marc)**

| Ithreach | Marcanna |
|---|---|
| Prionsabal den chleachtadh éifeachtach sainaitheanta<br>e.g. ionracas, meas, cothroime, cóir | 3 mharc + 3 mharc + 2 mharc |

**Ceist 8** **(8 marc)**

| Ithreach | Marcanna |
|---|---|
| Cur síos cruinn ar cén fáth a gceadófaí Díolúine ar mhaithe le hÚsáid Theiripeach i gcás lúthchleasaí.<br>Míniú maith 7- 8 m<br>Míniú measartha 5-6 m<br>Míniú lag 3-4 m<br>Míniú fíorlag 1-2 m | |

**Ceist 9** **(8 marc)**

**(a)**

| Ithreach | Marcanna |
|---|---|
| Gné shainaitheanta a bhaineann le sláinte i dtaca le haclaíocht<br>e.g. seasmhacht chardairiospráide, seasmhacht mhatánach, láidreacht, solúbthacht, comhdhéanamh coirp | 2 mharc + 2 mharc |

**(b)**

| Ithreach | Marcanna |
|---|---|
| Fo-iarmhairt chruinn ar dhíhiodráitiú liostaithe | 2 mharc + 2 mharc |

**Ceist 10** **(8 marc)**

**(a)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Tástáil ar féidir lúfaireacht a thomhas ainmnithe<br>e.g. tástáil lúfaireachta Illinois, t-thástáil | 4 mharc |

**(b)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Cur síos cruinn ar thástáil ar féidir lúfaireacht a thomhas<br>Cur síos measartha 3-4 m<br>Cur síos lag 1-2m | |

**Ceist 11** **(8 marc)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Ról feidhmí 1 ábhartha do ghníomhaíocht choirp | 2 mharc |
| Ról feidhmí 2 ábhartha do ghníomhaíocht choirp | 2 mharc |
| Ról neamhimeartha 1 ábhartha do ghníomhaíocht choirp | 2 mharc |
| Ról neamhimeartha 2 ábhartha do ghníomhaíocht choirp | 2 mharc |

**Ceist 12** **(8 marc)**

**(a)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Cur síos cruinn ar pheidiméadar | 4 mharc |

**(b)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Cur síos cruinn ar mhodh chun eolas a bhailiú faoin méid aclaíocht fhisiciúil atá curtha i gcrích e.g. dialann gníomhaíochta coirp, ceistneoir féintuairisce, córais suite dhomhanda | 2 mharc |
| Buntáiste | 1 mharc |
| Míbhuntáiste | 1 mharc |

| Roinn B | Cás-Staidéar | 50 marc |
|---|---|---|

**Ceist 13** **(50 marc)**

**(a)**

| Ithreach | Marcanna |
|---|---|
| Féachann sí le dul chun cinn a dhéanamh agus ardchaighdeán a leagan síos<br>Tá teacht aniar inti – d'fhéadfadh sí titim ina cnap trí huaire agus an bua a bhreith léi ag an am céanna<br>Spreagann sí daoine eile – Tá sé doshéanta – tá sí mar sin agus tá mise ag iarraidh bheith mar sin | 5 + 5 mharc |

**(b) (i)**

| Ithreach | Marcanna |
|---|---|
| Bhraith Simone gurbh éigean dí a matáin a cheile de bharr go stánfadh na buachaillí sa scoil uirthi agus a rá, 'Muise, breathnaigh ar a matáin!' Bhí Simone goilliúnach faoina bheith láidir, mar gheall ar an riail nárbh fhéidir le cailín bheith matánach agus láidir. | 6 mharc |

**(ii)**

| Ithreach | Marcanna |
|---|---|
| Cur síos cruinn ar conas a imríonn rialú sóisialta an choirp tionchar ar rannpháirtíocht na mban i ngníomhaíocht choirp agus spórt.<br>Míniú maith 5-6 m<br>Míniú measartha 3-4 m<br>Míniú lag 1-2 m | |

**(c) (i)**

| Ithreach | Marcanna |
|---|---|
| Tá gleacaithe ar fir iad níos sine ná gleacaithe ar mná iad | 4 mharc |

**(ii)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Samplaí ó chás-staidéar a cuireadh ar fáil i dtaca le tionchair a bhíonn ar phatrúin rannpháirtíochta buachaillí agus cailíní i ngleacaíocht. | 4 mharc + 2 mharc |
| e.g. Deirtear go mbíonn gleacaithe ar mná iad i mbarr a gcumais agus iad 16 bliana d'aois, an aois is óige ar féidir leo páirt a ghlacadh i gcomórtas ag leibhéal sinsir, na Cluichí Oilimpeacha san áireamh. I ndáiríre, meastar go bhfuil go leor gleacaithe ar mná iad i mbarr a réime agus iad 12 bhliain d'aois. Cé go gcuireann gleacaithe ar fir iar téagar iontu nuair a thagann siad caithreachais agus is iomaitheoirí níos láidre iad, meastar go coitianta go mbíonn a bpiara ar mná iad níos éifeachtaí agus iad ina bpáistí. "Tá tú ag iarraidh bheith éadrom sa ghiomnáisiam, tá tú ag iarraidh bheith *petite*," arsa Biles, a thosaigh sórt déanach, agus í 6 bliana d'aois. I gcás na mban, nuair a théann tú tríd an gcaithreachas, tagann athrú ar do chorp, agus déanann sé sin cúrsaí níos crua bheith ag gabháil don ghleacaíocht.<br>Eiseamláirí, tionchar piarghrúpa | |

**(d)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Míniú ar conas a d'fhéadfadh scoth-lúthchleasaí leas a bhaint as síceolaíocht spóirt | 6 |

**(e) (i)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Gné a bhaineann le feidhmíocht i dtaca le haclaíocht: Cumhacht | 2 mharc |
| "cumas agus cumhacht lúthchleasaíochta dochreidte" –Ní mór do lúthchleasaithe bheith ard chun cora agus castaí iomadúla a dhéanamh san aer sula bhfilleann siad ar an talamh/ar an mbíoma. | 1 mharc |
| Gné a bhaineann le feidhmíocht i dtaca le haclaíocht: Cothromaíocht | 2 mharc |
| Tá Simone ag déanamh dreasa ar an mbíoma i bhFigiúr 2. Ní mór do ghleacaithe cothromaíocht a choinneáil ar feadh tréimhsí fada nó filleadh ar sheasamh suas díreach ar bhealach staidéarach i ndiaidh dóibh rothlú a dhéanamh san aer. | 1 mharc |

**(ii)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Tá modhanna cuí traenála ar fáil chun gach ceann de na gnéithe a bhaineann le feidhmíocht i dtaca le haclaíocht a fhorbairt | 3 mharc + 3 mharc |
| e.g. cumhacht – pléiméadracht, traenáil friotaíochta; cothromaíocht – cabhail, aclaíocht aontaobhach | |

| **Roinn C** | **80 marc** |
|---|---|

Tá 5 cheist ann nach mór d'iarrthóirí 2 cheann acu a fhreagairt.

**Ceist 14** **(40 marc)**


**(a) (i)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Saighdeach | 2 mharc |

**(ii)**

| Ithreach | Marcanna |
|---|---|
| Ais ghluaiseachta – 3 m<br>e.g.<br>fad-ais (glac freisin le hais cheartingearach/mheánchliathánach), rothlú i bplána trasnach<br>ais chothrománach (glac freisin le hais thrasnach/ais tosaigh), rothlú i bplána saighdeach<br>meán-ais (glac freisin le hais shaighdeach), rothlú i bplána tosaigh<br>Déantar tagairt do ghníomhaíocht choirp ainmnithe – 3 m<br>e.g. fad-ais – *pirouette* i ndamhsa, ais chothrománach – léim thar do chorp i ngleacaíocht, meán-ais – rothchasadh i ngleacaíocht | 2 x 6 (3+3) mharc |

**(iii)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Tarraing luamhán den tríú haicme | 2 mharc |
| 3 x 2 mharc do gach cuid atá lipéadaithe i gceart den chóras luamháin den tríú haicme | 6 mharc |
| <br>Glac freisin le hualach (friotaíocht), dua (fórsa), buthal (ais) | |

**(b) (i)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| 7 as 10 | 4 mharc |

**(ii)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Fáth cuí luaite<br>e.g. saintréithe a bhaineann le spórt a tharraingíonn lucht féachana/ na meáin | 4 mharc |

**(iii)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Dhá chineál clúdaigh meán cumarsáide i spórt ainmnithe | 2 mharc + 2 mharc |

**(iv)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Trí thionchar dhearfacha a imríonn clúdach meán cumarsáide ar rannpháirtíocht spóirt pléite. | 2 mharc + 2 mharc + 2 mharc |

**Ceist 15** **(40 marc)**

**(a) (i)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Déanann sé cur síos ar ualú carbaihiodráití | 3 mharc |
| Déan sé cur síos ar cén uair is féidir ualú carbaihiodráití a úsáid mar straitéis chothaitheach | 1 mharc |

**(ii)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Breac-chuntas cuí ar chúrsaí cothaitheacha le haghaidh feidhmí le linn gníomhaíocht choirp ainmnithe. | 4 mharc |

**(b)**

| Forlíonadh | Ról | Dúshlán |
|---|---|---|
| Próitéin | Rud a úsáidtear chun cur le hiontógáil phróitéine feidhmithe nirt, nach féidir leo na riachtanais a chomhlíonadh trí iontógáil bhia amháin. Forbraíonn sé agus caomhnaíonn sé mais matán (3 mharc) | pian boilg, at, buinneach, crampaí, tart, tuirse, clocha duáin. (3 mharc) |
| Créitín | Cuireann sé le stórtha fosfaichréitín sa mhatán rud a ligeann don chóras ATP-PC maireachtáil níos faide. Méadú ar láidreacht matán, cumhacht agus luas. Méadú ar mhais matán seang. (3 mharc) | Damáiste duáin, damáiste ae, méadú meáchain, díhiodráitiú, crampaí matán. (3 mharc) |

**(c) (i)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Ról agus freagracht ábhartha de Choiste Náisiúnta Rialaithe | 5 mharc + 5 mharc |

**(ii)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| An bealach a gcabhraíonn ceachtanna Corpoideachais le cur le leibhéil rannpháirtíochta an aosa óig i gcás gníomhaíocht choirp. | 6 mharc |

**(iii)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Cur síos ar thionscnamh ar fud na tíre arb é a aidhm feabhas a chur le gníomhaíocht choirp i scoileanna Éireannacha.<br>e.g. Bratach Scoile Gníomhaí | 4 mharc |
| Go maith 3-4 mharc<br>Réasúnta 1-2 mharc | |

**Ceist 16** **(40 marc)**

**(a)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Ba chóir trí thástálaí seiceálaithe a chur i gcrích sula dtugtar faoin tástáil aclaíochta | 4 mharc + 4 mharc + 4 mharc |

**(b) (i)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Míniú cuí ar cén fáth ar dlúthchuid den phlean traenála é téarnamh. | 4 mharc |

**(ii)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Cur síos ar dhá straitéis téarnaimh iar-aclaíochta | 4 mharc + 4 mharc |
| Cur síos cruinn ar straitéis a úsáidtear chun tacú le téarnamh iar-thraenála.<br>Cur síos maith 3-4 m<br>Cur síos measartha 1-2 m<br>e.g. tumadh uisce fhuair, baill éadaigh chomhbhrú, cothú, hiodráitiú, codladh<br>NÁ glac le R.I.C.E. | |

**(c)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Tionchar dearfach | 4 mharc |
| Tionchar diúltach | 4 mharc |
| NÁ glac le teicneolaíocht GPS agus teasléaráidí déine | |

**(d)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Cur síos cruinn ar thionchar chlúdach na meán ar spóirt na mban | 3 mharc + 3 mharc + 2 mharc |


**Ceist 17** **(40 marc)**

**(a) (i)**

| **Ithreach** | **Marc** |
|---|---|
| e.g. iompraíocht fhoghlamtha "Gníomhaíocht/iompraíocht fhoghlamtha agus é mar aidhm aici torthaí réamhshocraithe a bhaint amach le deimhneacht uasta agus ídiú ama nó fuinnimh íosta" (Knapp, 1963) | 2 mharc |

**(ii)**

| **Ithreach** | **Marc** |
|---|---|
| e.g. Gníomhaíocht Choirp Scil Leadóige Seirbheáil | 4 x 2 mharc |




**(b) (i)**


| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Déanann sé machnamh ar conas a imríonn aird an imreora tionchar ar fheidhmíocht lúthchleasaí | 4 mharc |
| Ábhartha do ghníomhaíocht choirp | 2 mharc |

**(ii)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Cur síos cruinn ar straitéis a d'fhéadfadh feidhmí a úsáid chun cur le haird an imreora le linn comórtais i ngníomhaíocht choirp ainmnithe.<br>e.g. teicnící fócasaithe, gnáthaimh feidhmíochta san imirt, stopadh smaointe, teicnící láraithe | 2 mharc |

**(c) (i)**

| |
|---|
| **Tabhair faoi deara:** 1 mharc do gach freagra ceart i bpáirt thíos |



| | | |
|---|---|---|
| Eicteamorf<br>(2 mharc) | Méiseamorf<br>(2 mharc) | Ionmhorf<br>(2 mharc) |

**(ii)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Sampla ábhartha ar fáil<br>e.g. Eicteamorf – maratón/ cianreathaí, trí-atlain<br>Méiseamorf –sacar, haca<br>Ionmhorf –coraíocht, dornálaíocht trom-mheáchain | 6 mharc |

**(d)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Dhá cheist pléite | 5 mharc + 5 mharc |

**Ceist 18** **(40 marc)**

**(a) (i)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Is féidir gníomhaíocht choirp a shainmhíniú mar aon ghluaiseacht choirp a ghineann matáin an choirp arb é a thoradh go n-ídíonn an duine fuinneamh. | 2 mharc |

**(ii)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Cur síos cruinn ar bhuntáistí sóisialta a bhaineann le gníomhaíocht choirp ar mhaithe le sláinte agus folláine. | 4 mharc + 2 mharc |

**(b) (i)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Róil sainaitheanta ar ghá iad a chomhlíonadh chun go mbeadh rath ar an imeacht/ar an bhfeidhmíocht.<br>e.g. cóitseálaí, cóiréagrafaí, réiteoir, captaein foirne, imreoirí, bainisteoirí, maoir na scór, bainisteoirí trealaimh | 4 x 2 mharc |

**(ii)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Rialacha na gníomhaíochta coirp ainmnithe | 3 mharc + 3 mharc + 2 mharc |

**(iii)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Rinneadh machnamh ar an mbeart sábháilteachta ábhartha | 2 mharc + 2 mharc |

**(c) (i)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Anailís ionaid – eolas ar cár chaith Aaron formhór a chuid ama ar an bpáirc imeartha, agus na príomhzóin ghníomhaíochta atá ar fáil. Úsáid éifeachtach dá gcuid ama ar an bpáirc imeartha – ba cheart go gclúdódh cliathánaí an dá chliathán.<br>Dua an imreora i gcaitheamh an chluiche. An t-achar a clúdaíodh. Thug Aaron luas isteach sa chluiche. | 4 mharc + 2 mharc |

**(ii)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Cur síos cruinn ar conas is féidir le cóitseálaí an fhaisnéis seo a úsáid ar mhaithe leis an bhfeidhmí agus faisnéis a thabhairt do phleananna an fheidhmí amach anseo | 4 mharc + 2 mharc |

## Scrúdú na hArdteistiméireachta – Corpoideachas – Scéim Mharcála 2021

| 9-10 Sármhaith | 7-8 Go han-mhaith | 5-6 Go maith | 3-4 Réasúnta | 1-2 Lag |
|---|---|---|---|---|

| Roinn | Ithreach | Marcanna |
|---|---|---|
| A | **Anailís Feidhmíochta** | **22** |
| | Anailís Feidhmíochta a rinneadh<br>e.g. Tástáil a rinneadh go cuí ar réimse leathan gnéithe atá ábhartha do ghníomhaíocht choirp roghnaithe agus tá cosaint ar rogha gnéithe | 8 |
| | Achoimre ar shonraí bailithe<br>e.g. Cuireadh réimse leathan sonraí i láthair | 4 |
| | Déan anailís ar an bhfeidhmíocht<br>e.g. Torthaí anailíse a ndearnadh mionanailís orthu, atá bunaithe ar phrionsabail theoiriciúla fhónta | 10 |
| B | **Trí sprioc feidhmíochta ar leith agus fianaise ar thraenáil/cleachtadh agus machnamh leanúnach a shainaithint**<br>**Tabhair do d'aire:** mura bhfuil an sprioc feidhmíochta soiléir, ná cuir an sprioc is lú scórála agus an réasúnaíocht san áireamh | **42** |
| | Spriocanna feidhmíochta<br>e.g. Cuspóir feidhmíochta atá curtha in iúl go soiléir a chomhlíonann prionsabal SMART (Sonrach, Intomhaiste, Comhaontaithe, Réalaíoch, Uainithe) nó prionsabal comhchosúil | 6 |
| | Réasúnaíocht<br>e.g bunaithe ar phrionsabail theoiriciúla fhónta | 6 |
| | Cláir Thraenála/ Chleachtaidh<br>e.g. Plean ábhartha, mionsonraithe agus cruinn bunaithe ar réimse leathan prionsabail theoiriciúla fhónta. Cuireadh réimse leathan straitéisí i bhfeidhm. | 21 |
| | Machnaimh<br>e.g. Machnamh leanúnach criticiúil agus géarchúiseach | 9 |
| C | **Anailís chlabhsúir** | **20** |
| | Athanailís<br>e.g. Rinneadh gach tástáil arís agus cuireadh torthaí ar fáil, agus rinneadh anailís ar an bhfeidhmíocht. | 8 |
| | Machnamh deiridh<br>e.g. chuathas i ngleic leis na trí sprioc feidhmíochta ar fad. Rinneadh machnamh ar laigí agus láidreachtaí an chláir. | 6 |
| | Na chéad chéimeanna eile chun feabhas breise a dhéanamh<br>e.g. cuireadh cosaint ar fáil | 6 |

| | | |
|---|---|---|
| | **Comhleanúnachas ginearálta** | **16** |
| | Baineann comhleanúnachas ginearálta le críochnú iomlán an tionscnaimh. Marc ar an iomlán as ábharthacht na hoibre leis na haidhmeanna sonraithe. Ní féidir marcanna comhleanúnachais a bhronnadh mura bhfuil ach gné amháin den tionscnamh le feiceáil. D'fhéadfaí pionós a ghearradh (10m/6m/2m) i gcás go ndeachaigh iarrthóir i bhfad thar cheann amháin nó níos mó de líon focal, fad físeáin nó líon íomhánna. | 4 x 4 mharc |
| **Marcanna Iomlána** | | **100** |

**Tionscnamh Gníomhaíochta Coirp na hArdteistiméireachta**
**Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal**

Tá 20% de na marcanna atá ar fáil i scrúdú Ardteistiméireachta an Chorpoideachais ag dul don Tionscnamh Gníomhaíochta Coirp agus déantar é a mheasúnú ag Ardleibhéal agus ag Gnáthleibhéal. Tá foirm agus riachtanais an tionscnaimh mar an gcéanna ag Ardleibhéal agus ag Gnáthleibhéal araon, mar sin ní gá go roghnódh iarrthóirí a leibhéal ag am an iarratais. Déanfar idirdhealú ag tráth an mheasúnaithe.

Chun an t-ailíniú ceart idir an caighdeán riachtanach a chinntiú chun gráid a ghnóthú ag an dá leibhéal (A5 = G1; A6 = G2; A7 = G3) marcáiltear an obair ar fad i dtosach ar scála tagartha. Aistrítear na marcanna tagartha seo go marcanna Ardleibhéil nó Gnáthleibhéil ansin mar is cuí.

De ghrá éascaíocht an fhorfheidhmithe, deartar an scála tagartha chun teacht le scála an Ardleibhéil. Dá réir sin, i ndiaidh go mbronntar marc ar Thionscnamh Gníomhaíochta Coirp an iarrthóra ar an scála tagartha, taifeadtar an marc tagartha sin i gcás iarrthóirí Ardleibhéil mar a mar deiridh don Tionscnamh Gníomhaíochta Coirp, agus déantar leasú ar mharc iarrthóirí Gnáthleibhéil chun an marc tagartha a aistriú go dtí a marc deiridh don Tionscnamh Gníomhaíochta Coirp. Léiríonn an tábla thíos an t-ailíniú idir na gráid.

| Grád níos airde | Gnáthghrád | Marc Tagartha | Marc an Ardleibhéil | Marc an Ghnáthleibhéil |
|---|---|---|---|---|
| 1 | | 90 – 100 | 90 – 100 | 100 |
| 2 | | 80 – 89 | 80 – 89 | 100 |
| 3 | | 70 – 79 | 70 – 79 | 100 |
| 4 | | 60 – 69 | 60 – 69 | 100 |
| 5 | 1 | 50 – 59 | 50 – 59 | 90-100 |
| 6 | 2 | 40 – 49 | 40 – 49 | 80 – 89 |
| 7 | 3 | 30 – 39 | 30 – 39 | 70 – 79 |
| 8 | 4 | 25 – 29 | 25 – 29 | 60 – 69 |
| | 5 | 20 – 24 | 20 – 24 | 50 – 59 |
| | 6 | 15 – 19 | 15 – 19 | 40 – 49 |
| | 7 | 10 – 14 | 10 – 14 | 30 – 39 |
| | 8 | 0 – 9 | 0 – 9 | 0 – 29 |

**TIONSCNAMH GNÍOMHAÍOCHTA COIRP– coinbhéartú ón marc tagartha go dtí marc an Ghnáthleibhéil**

Maidir le hiarrthóirí Gnáthleibhéil, faightear an marc deiridh ón marc tagartha mar seo a leanas:

- Más é 60 nó níos mó an marc tagartha is é 100 an marc deiridh.
- Más é 30 ar a laghad é an marc tagartha ach níos lú ná 60, ansin cuir 40 leis an marc tagartha chun an marc deiridh a fháil.
- Más é 1 ar a laghad é an marc tagartha ach níos lú ná 30, ansin dúbláil an marc tagartha agus cuir 10 leis chun an marc deiridh a fháil.
- Más é 0 an marc tagartha is é 0 an marc deiridh.

| Tagairt | Coinbhéartú |
|---|---|
| 60 nó níos mó | Tabhair 100 marc |
| 30 – 59 | Cuir 40 marc leis |
| 1 – 29 | Déan an marc tagartha a iolrú faoi 2 agus cuir 10 |
| 0 | 0 |

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## *Tábla 170 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 170 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 127 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 128 - 130 | 12 |
| 131 - 133 | 11 |
| 134 - 136 | 10 |
| 137 - 140 | 9 |
| 141 - 143 | 8 |
| 144 - 146 | 7 |
| 147 - 150 | 6 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 151 - 153 | 5 |
| 154 - 156 | 4 |
| 157 - 160 | 3 |
| 161 - 163 | 2 |
| 164 - 166 | 1 |
| 167 - 170 | 0 |
| | |